

An Bhruiséil, 16 Iúil 2026
(OR. en)

12037/26

POLCOM 279
SPG 5

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	16 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	JOIN(2026) 16 final
Ábhar:	TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le Scéim na bhFabhar Ginearálaithe lena gcumhdaítear an tréimhse 2023-2025

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad JOIN(2026) 16 final.

Faoi iamh: JOIN(2026) 16 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS
DO GHNÓTHAÍ
EACHTRACHA AGUS DON
BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 16.7.2026
JOIN(2026) 16 final

**TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

maidir le Scéim na bhFabhar Ginearálaithe lena gcumhdaítear an tréimhse 2023-2025

{SWD(2026) 184 final} - {SWD(2026) 185 final} - {SWD(2026) 186 final} -
{SWD(2026) 187 final} - {SWD(2026) 188 final} - {SWD(2026) 189 final} -
{SWD(2026) 190 final} - {SWD(2026) 191 final} - {SWD(2026) 192 final}

1. RÉAMHRÁ AGUS BUAICPHOINTÍ

Is príomhuirlis í Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife (GSP) trína dtacaíonn an tAontas Eorpach (an tAontas) le tíortha ísealioncaim agus íseal-mheánioncaim agus iad ag iarraidh an bhochtaineacht a laghdú, agus fás eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Tugann an tAontas rochtain fhabhrach ar mhargadh an Aontais go haontaobhach do na tíortha sin trí dheireadh a chur le dleachtanna allmhairiúcháin nó iad a laghdú; tairbhíonn na tíortha is lú forbairt (TLFanna) de rochtain saor ó dhleacht agus saor ó chuótaí. Chun an inbhuanaitheacht a chur chun cinn, ceanglaítear ar thairbhíthe GSP a ngealltanais i leith coinbhinsiúin agus comhaontuithe idirnáisiúnta sonracha maidir le cearta an duine, cearta oibrithe bunúsacha, an comhshaol agus an aeráid, agus dea-rialachas maidir le rialú drugaí agus frithéilliú a chur chun feidhme.

Is cuid de chur chun feidhme GSP iad faireachán agus tuairisciú tráthrialta mar a leagtar síos i Rialachán GSP¹. Díreach cosúil leis an eagrán roimhe seo², is go comhpháirteach a ghlacann an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún) agus an tArdionadaí an cúigiú tuarascáil seo³ chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme GSP, i bhfianaise thábhacht GSP freisin ó thaobh bheartas eachtrach agus ghníomhaíocht sheachtrach níos leithne an Aontais. Is í seo an tuarascáil dheireanach faoi Rialachán GSP atá ann faoi láthair. Cuirfear tús leis an aistriú chuig Rialachán nua GSP léi, a mbeidh ceanglais threisithe inbhuanaitheachta agus trédhearcachta mar ghné shuntasach de ón 1 Eanáir 2027.

Cumhdaítear sa tuarascáil seo cur chun feidhme agus tionchar GSP i gcaitheamh 2023–2025 (an ‘tréimhse thuairisciúcháin’) trí na trí shocrú atá inti: 1) GSP Caighdeánach le haghaidh tíortha ísealioncaim agus íseal-mheánioncaim⁴; 2) an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas (GSP+), atá ar fáil do na tíortha sin is tairbhíthe GSP Caighdeánach a ghlacann gealltanais bhreise inbhuanaitheachta chucu féin⁵; agus 3) Gach Ní Seachas Airm (GNA), a bhfuil feidhm aige maidir leis na tíortha is lú forbairt. Cothrom na bliana seo 25 bliana ó shin a bunaíodh ionstraim GNA an Aontais.

Faoi láthair, tá 65 thír i mbéal forbartha ag baint tairbhe as GSP an Aontais, ar TLFanna iad 44 díobh. Comhfhreagraíonn sé sin do bhreis agus 3 bhilliún duine ar fud an domhain, a bhfuil níos mó ná 1 bhilliún díobh ina gcónaí i TLFanna. In 2024, bhain tíortha is tairbhíthe GSP tairbhe as taraifí fabhracha a raibh coigilteas dar luach measta EUR 5 bhilliún ag baint leo, agus bhain níos mó ná EUR 3 bhilliún den iomlán sin le tairbhíthe GNA.

Ar na tairbhíthe is mó den scéim, tá an Bhanglaidéis (EUR 19 mbilliún d’allmhairí an Aontais ag baint úsáid as fabhair GNA in 2024), an India (EUR 11,7 billiún d’allmhairí an Aontais ag baint úsáid as fabhair GSP Caighdeánach), agus an Phacastáin (EUR 7,1 billiún d’allmhairí an Aontais ag baint úsáid as fabhair GSP+). Is é éadach an earnáil is mó go mór fada, arb ionann é agus 59 % den trádáil ar fad faoi scéim GSP.

Chomh maith leis na tairbhí trádála agus eacnamaíocha a bhaineann leis, is dreasacht tharraingteach éifeachtach fós é GSP don fhorbairt inbhuanaithe i dtíortha is tairbhíthe i ndáil le saincheistanna sóisialta, comhshaoil agus aeráide, bunaithe ar noirm agus ar chaighdeán a aithnítear go hidirnáisiúnta. Tá ról lárnach ag faireachán agus rannpháirtíocht an Aontais faoi GSP: Le GSP+ go háirithe éascaítear rannpháirtíocht struchtúrtha idir institiúidí an Aontais, rialtais is tairbhíthe agus an tsochaí shibhialta. Tacaítear leis le gealltanais idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, cearta oibrithe bunúsacha, an aeráid agus an comhshaol a chur chun cinn agus cuidítear leis le hathchóirithe frithéillithe agus athchóirithe ar an smacht reachta a neartú. Leis an scéim, leantar de chothromaíocht a áirithiú idir acmhainneacht fáis trádála na dtíortha is tairbhíthe a spreagadh agus luachanna comhroinnte agus cuspóirí inbhuanaitheachta a chur

chun cinn. Trí thrádáil le tairbhíthe GSP a chothú trí choigilteas dleachta, tacaítear freisin le geilleagar agus gnólachtaí an Aontais, agus cosnaítear leis an scéim leasanna eacnamaíocha an Aontais agus iomaíochas earnálacha íogaire.

Tá naoi nDoiciméad Inmheánacha Oibre thírshonracha ag gabháil leis an tuarascáil seo le haghaidh gach ceann de na hocht dtairbhí GSP+ atá ann faoi láthair, is iad sin an Bholaiv, Cabo Verde, an Chirgeastáin, an Mhongóil, an Phacastáin, na hOileáin Philipíneacha, Srí Lanca agus an Úisbéiceastáin agus ceann amháin do thíortha GNA faoi rannpháirtíocht fheabhsaithe (an Bhanglaidéis, an Chambóid agus Maenmar). Léirítear sa tuarascáil rannpháirtíocht sheirbhísí an Choimisiúin agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) le húdarais na dtairbhíthe, leis an tsochaí shibhialta, le comhpháirtithe sóisialta agus le pobail ghnó, lena n-áirítear trí mhisin faireacháin chuig tairbhíthe GSP+ agus trí rannpháirtíocht fheabhsaithe le roinnt príomhthairbhíthe GNA. Sa tuarascáil cuirtear le torthaí na gcomhlachtaí faireacháin idirnáisiúnta i réimsí a bhaineann le coinníollacha GSP do thíortha is tairbhíthe freisin agus ionchorpraítear iad inti, de réir mar is iomchuí.

2. FORBAIRTÍ REACHTACHA LE LINN NA TRÉIMHSE TUAIRISCIÚCHÁIN

a) Forbairtí maidir le cur chun feidhme

Ghlac an Coimisiún le roinnt gníomhartha dlí a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin GSP le linn na tréimhse tuairiscithe:

- Tír ag imeacht ar aghaidh ó GSP: Bhain an Indinéis stádas Ard-Mheánioncaim amach mar a aicmíonn an Banc Domhanda é ar feadh 3 bliana i ndiaidh a chéile agus, dá bhrí sin, imeoidh sí ar aghaidh ó GSP ón 1 Eanáir 2027⁶. I gcás na Céinia, cuirfear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas agus an Chéinia, a bhfuil feidhm aige ón 1 Iúil 2024, go hiomlán in ionad GSP ón 1 Eanáir 2027⁷.
- Aistriú ó GNA chuig GSP Caighdeánach: D'imigh an Bhútáin ar aghaidh ó stádas LDC an 13 Nollaig 2023 bunaithe ar chinneadh na NA. Tar éis idirthréimhse 3 bliana, scoirfidh an Bhútáin, dá bhrí sin, de thairbhe a bhaint as fabhair GNA agus aistroidh sé chuig GSP Caighdeánach amhail an 1 Eanáir 2028.⁸ Ar an gcaoi chéanna, d'imigh São Tomé agus Príncipe ar aghaidh ó stádas TLF an 13 Nollaig 2024 agus aistroidh sé chuig GSP Caighdeánach ón 1 Eanáir 2029.⁹
- Tairseacha leochaileachta: Mar thoradh ar leasuithe ar liosta na dtíortha is tairbhíthe, rinneadh athbhreithniú ar an tairseach leochaileachta atá ábhartha do GSP+¹⁰.
- Grádúchán táirgí: Cuireadh fabhair tharaife le haghaidh GSP Caighdeánach ar fionraí do na blianta 2023 go 2025¹¹¹² maidir le roinnt táirgí arna n-allmhairiú ón India, ón Indinéis, agus ón gCéinia tar éis na tairseacha allmhairiúcháin ábhartha a bhaint amach, agus ina dhiaidh sin, [don bhliain 2026 chomh maith].¹³
- Coimircí: In 2024, tar éis athoscailt an imscrúdaithe, rinneadh bearta coimirce ginearálta maidir le honnmhairiú ríse Indica ón gCambóid agus ó Mhaenmar a ath-fhorchur.¹⁴ In 2025, forchuireadh coimircí talmhaíochta speisialta le haghaidh allmhairí eatánóil de thionscnamh na Pacastáine.¹⁵

b) GSP tar éis 2026

Meastar go dtiocfaidh laghdú breise ar an líon tairbhíthe GSP amach anseo. Maidir le grádúcháin atá ar na bacáin, cháiligh an Banc Domhanda dhá thairbhí GSP+ mar Thír Ard-Mheánioncaim (Cabo Verde in 2025, agus an Mhongóil in 2024 agus 2025). Má tá siad cáilithe

amhlaidh i dtrí bliana as a chéile, ní thairbheoidh siad de GSP a thuilleadh. Ina theannta sin, tá sé beartaithe go n-imeoidh roinnt de thairbhíthe GNA atá ann faoi láthair ar aghaidh ó stádas TLF sna blianta amach romhainn. D'imeodh na tíortha sin (féach Roinn 4c le haghaidh mionsonraí) ó GNA tar éis idirthréimhse 3 bliana tar éis dóibh imeacht ar aghaidh ó stádas TLF agus is dócha go n-aistreoidís ansin chuig socrú GSP Caighdeánach mura ndéanann siad iarratas rathúil ar GSP+, arb é an stádas is tairbhiúla é.

An 22 Meán Fómhair 2021, thug an Coimisiún an togra reachtach i láthair le haghaidh Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife de chuid an Aontais don tréimhse 2024-2033¹⁶. Ós rud é nach raibh an GSP nua sin de chuid an Aontais glactha go fóill in 2023, chuir na comhreachtóirí síneadh le tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán GSP atá ann faoi láthair go dtí an 31 Nollaig 2027.¹⁷ Glacadh Rialachán nua GSP le haghaidh 2027–2036 an 17 Meitheamh 2026 agus beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2027.¹⁸

Is cloch mhíle thábhachtach é an comhaontú maidir leis an Rialachán nua agus áirithítear leis go leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha agus iad ag iarraidh fás eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach bunaithe ar chreat cothrom agus intuatha. Leis an Rialachán nua, cosnaítear cur chuige flaithiúil an Aontais maidir le lamháltais taraife ar allmhairí ó thíortha i mbéal forbartha. Coinníonn sé príomhéirim na reachtaíochta a bhí ann roimhe seo chun leanúnachas agus intuarthacht a áirithiú do thíortha is tairbhíthe GSP agus dá n-onnmhaiseoirí, agus d'allmhaiseoirí an Aontais freisin.

Leis an Rialachán nua, cuirtear cúig choinbhinsiún idirnáisiúnta nua¹⁹ le liosta na n-ionstraimí is ábhartha do GSP nach mór do thairbhíthe GSP a urramú (coinníollacha GSP, féach Roinn 3c), agus tugtar isteach Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide, a chuirtear in ionad Phrótaicil Kyoto²⁰. Tugtar isteach leis an Rialachán nua an fhéidearthacht an socrú a tharraingt siar i gcás sárúithe tromchúiseacha agus córasacha ar na prionsabail a bhaineann leis na coimbhinsiúin chomhshaoil agus aeráide agus dea-rialachais, agus i gcás easnamh thromchúiseacha agus chórasacha a bhaineann leis an oibleagáid idirnáisiúnta náisiúnaigh na tíre is tairbhí féin a athligean isteach i gcomhthéacs na himirce neamhrialta. Leis an scéim nua, cuirfear feabhas ar fhaireachán, ar thrédhearcacht agus ar rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, agus tabharfar isteach nós imeachta práinneach um tharraingt siar i gcás sárúithe an-tromchúiseach. Fágfar freisin léi go mbeidh na sásraí coimirce níos éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhféadfadh borradh ar allmhairí ó thíre is tairbhí dochar a dhéanamh do tháirgeoirí san Aontas.

Chun stádas GSP+ a choinneáil faoi Rialachán nua GSP, beidh ar thairbhíthe GSP+ atá ann faoi láthair iarratas a dhéanamh an athuair. Beidh ar gach iarratasóir ar GSP+ Plean Gníomhaíochta a chur isteach maidir le cur chun feidhme éifeachtach an tsocrúithe faoi na rialacha nua. Deonófar idirthréimhse 2 bhliain do thairbhíthe GSP+ atá ann faoi láthair go dtí deireadh 2028, agus tá an Coimisiún agus SEGS réidh chun tacú le tairbhíthe sa phróiseas athiarratais.

3. TIONCHAR GSP

a) Tionchair Thrádála 2022-2024²¹


Déantar foráil le GSP maidir le trí shocrú a fhreagraíonn do leibhéil forbartha agus gealltanais na dtairbhíthe:

- Tá feidhm ag GSP Caighdeánach maidir le tíortha incháilithe ísealioncaim agus ísealmheánioncaim nach bhfuil aon socrú trádála fabhrach eile acu leis an Aontas. Deonaítear

leis laghduithe dleachta 66 % ar línte taraife le haghaidh allmhairí isteach san Aontas, agus tá 26 % de na línte taraife sin saor ó dhleacht. Baineann aon tír déag tairbhe as an socrú sin faoi láthair.²²

- Is socrú speisialta é GSP+ lena dtugtar rochtain saor ó dhleacht do thairbhíthe GSP Caighdeánach ar 66 % de línte taraife, ag brath ar chur chun feidhme éifeachtach coinbhinsiún agus comhaontuithe idirnáisiúnta lárnacha maidir le cearta an duine, oibrithe, an comhshaol, an aeráid agus dea-rialachas. Tá ocht dtír ag baint tairbhe as an socrú sin faoi láthair²³.
- Tá GNA ceaptha do na tíortha is lú forbairt agus soláthraítear rochtain saor ó dhleacht leis i dtaca le gach allmhairiú isteach san Aontas, seachas airm agus armlón. Tá an tAontas ag tairiscint an tsocraithe sin gan aon dáta éaga. Tairbhíonn 46 thír de GNA, a bhfuil dhá cheann díobh (an Bhútáin agus São Tomé agus Príncipe) imithe ar aghaidh ó stádas TLF ach, de réir Rialachán GSP, in ann tairbhe a bhaint as GNA fós le linn na hidirthréimhse.

Fíor 1: Tairbhithe GSP




Tabhair faoi deara: Tá na limistéir liatha ina léiriú ar thiortha nach gcumhdaítear le GSP an Aontais.

In 2024, d'allmhairigh an tAontas earraí dar luach beagnach EUR 60 billiún faoi fhabhair GSP, rud a chuaigh chun tairbhe do thiortha comhpháirtíochta chomh maith le hallmhaireoirí agus tomhaltóirí an Aontais araon. Díobh sin, allmhairíodh beagán níos mó ná 50 % nó EUR 30 billiún d'earraí faoi shocrú GNA, EUR 11,5 billiún ó thairbhithe GSP+, agus thart ar EUR 17 mbilliún ó thairbhithe GSP Caighdeánach.

Allmhairí an Aontais de réir shocrú GSP

Fíor 2. An treocht maidir le hallmhairí an Aontais faoi na trí shocrú GSP




Bhí allmhairí faoi GSP suas le EUR 59 mbilliún in 2024 ó thart ar EUR 52 bhilliún in 2023, ach síos i gcomparáid le buaicphointe 2022, tráth a shroich allmhairí a úsáideann fabhair GSP thart ar EUR 77 mbilliún agus i gcomparáid leis an méid roimh phaindéim COVID-19, ag EUR 62 bhilliún in 2019. Mar gheall ar an téarnamh i ndiaidh COVID-19, mar aon le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a spreag géarchéim fuinnimh, bhí praghsanna domhanda agus, dá bhrí sin, luachanna allmhairiúcháin an Aontais, níos airde ná riamh in 2022. De réir mar a mhaolaigh téarnamh COVID-19 agus de réir mar a thit praghsanna fuinnimh ó

2023 ar aghaidh, rinneadh figiúirí trádála a normalú²⁴. Ina theannta sin, ní tairbhí GSP Caighdeánach é Vítneam a thuilleadh ón 1 Eanáir 2023, tar éis comhaontú saorthrádála a thabhairt i gcrích leis an Aontas. Laghdaigh sé sin an trádáil faoi fhabhair GSP Caighdeánach faoi roinnt billiún euro freisin.

Na príomhranna táirgí a thairbhíonn de GSP

Fíor 3: Na príomhranna atá á n-allmhairiú faoi GSP (GSP Caighdeánach, GSP+ agus GNA) in 2024 (EUR billiún agus mar sciar d'allmhairí foriomlána)



In 2024, ba é éadach (S-11b)²⁵ an earnáil ba mhó go mór fada a thairbhíigh de GSP le EUR 35,1 billiún d'allmhairí isteach san Aontas faoin scéim, arbh ionann é agus 59 % den trádáil uile faoi GSP. Ba iad coisbheart (S-12a) (EUR 3,8 billiún), agus éisc, crústaigh agus moilisc (S-01b) (EUR 2 bhilliún) na chéad earnálacha eile ba mhó. I ngach bliain den tréimhse thuairisciúcháin, ba é éadach (S-11b) an earnáil is mó. Mar sin féin, tháinig laghdú ar thábhacht innealra agus trealamh (S-16) (ón dara háit in 2022 go dtí an 8ú háit in 2024), ach tháinig catagóirí amhail feithiclí, eitlíocht agus báid (S-17b) agus Bianna & Deochanna ullmhaithe (S-04b) isteach sna 10 n-earnáil is mó ó bhí 2022 ann.

Coigilteas GSP ó tharaifí


díolúine ó tharaifí dar
luach

€5B

A bhuí le GSP, thairbhíigh na tíortha is tairbhithe faoi na trí shocrú de EUR 5 bhilliún measta i laghduithe nó díolúintí taraife in 2024, agus bhain níos mó ná EUR 3 bhilliún den iomlán sin le tíortha GNA²⁶. Fabhraíonn onnmhaiseoirí i dtíortha is tairbhithe GSP agus allmhaiseoirí an Aontais araon coigilteas dleachta, agus dá bhrí sin téann sé chun tairbhe do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí an Aontais freisin.

Na tíortha is mó a úsáideann GSP

Fíor 4: Na 10 dtír is mó de réir luach úsáide GSP in 2024




Is éard atá sa ráta úsáide fabhair cóimheas na n-allmhairí ó thíir shonrach a d'úsáid na fabhair i gcomparáid leis na hallmhairí a bhí incháilithe go teoiriciúil d'fhabhair GSP. Ar an meán, ba é 88,8 % an ráta úsáide tosaíochta i gcás na n-allmhairí uile a bhaineann le GSP isteach san Aontas in 2024. Sroicheann sé 94,5 % ar an meán le haghaidh na dtíortha is lú forbairt faoi GNA. Baineann roinnt tíortha ráta úsáide 100 % amach i gcodanna áirithe, amhail an Aetóip i mbláthanna gearrtha (roinn S02-a). Is casta iad na cúiseanna nach n-úsáidfí 100 % de na lamhálaí tarraife ar fáil faoi GSP, ach áirítear ar na tosca feasacht neamhleor ar an gcóras, easnaimh riaracháin, agus socruithe trádála malartacha a bheith ann taobh le chéile.

In 2024, thaifead an Bhanglaidéis an luach is airde onnmhairí chuig an Aontas agus úsáid á baint as fabhair GSP, arbh ionann é agus EUR 19 mbilliún, le ráta láidir úsáide 96 %. Tháinig an India ina dhiaidh sin le EUR 11,7 billiún d'allmhairí isteach san Aontas trí shocrú GSP Caighdeánach, le ráta úsáide níos ísle de 87 %. I measc tairbhithe GSP+, seasann an Phacastáin amach le luach EUR 7,1 billiún d'allmhairí GSP+ isteach san Aontas agus ráta úsáide tosaíochta 95,1 %, agus bhain an Úisbéiceastáin áit amach sna 10 dtairbhí GSP foriomlána is mó ó chuaigh sí isteach in GSP+ in 2021.

Tíortha ina bhfuil an fás is airde ar úsáid GSP

Idir 2022 agus 2024, taifeadadh an fás is airde ar úsáid fhabhair GSP i mBeinin, le méadú 128 %, ó EUR 5,1 milliún in 2022 go EUR 11,7 milliún in 2024. Rangaíodh an Mhaláiv sa dara háit maidir le fás ar úsáid GSP, le méadú 19 % le linn na tréimhse céanna, rud a rannchuidigh le méadú 13 % ar a honnmhairí iomlána chuig an Aontas. Bhain São Tomé agus Príncipe agus an Eiritré áit amach i measc na dtíortha ina raibh an fás is airde ar úsáid GSP, ar tairbhithe de shocrú GNA iad uile. Bhí éagsúlacht i gceist leis na hearnálacha a spreag fás ar fud na dtíortha, mar shampla, is i mBeinin a chonacthas na méaduithe is mó ar theicstílí (S-11a agus S11-b).

Fíor 5. Na ceithre thír is mó inar tháinig fás ar GSP a úsáideadh (2022-2024)



b) Comhlíonadh coinbhinsiún agus comhaontuithe idirnáisiúnta

Leanann tairbhíthe GSP, go ginearálta, de dhul chun cinn a dhéanamh i dtreo na forbartha inbhuanaithe agus i dtreo urramú na bprionsabal agus na gcaighdeán idirnáisiúnta atá mar chuid de choinníollacht GSP.

Cé nach leor coinbhinsiúin idirnáisiúnta a dhaingniú amháin chun caighdeáin idirnáisiúnta a chaomhnú, is céad chéim bhunúsach é. Tá rátaí arda daingniúcháin ag formhór na dtíortha is tairbhíthe GSP i ndáil leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha. Mar shampla, i measc tíortha is tairbhíthe GNA (nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide na coinbhinsiúin is ábhartha do GSP a dhaingniú go foirmiúil), dhaingnigh an Bhanglaidéis – an tairbhí GNA is mó a bhaineann tairbhe as an scéim – na 27 gcoinbhinsiún uile atá liostaithe i Rialachán GSP faoi láthair, chomh maith leis na coinbhinsiúin bhreise atá le tabhairt isteach le Rialachán nua GSP.

Is gnách go dtéann iarrachtaí daingniúcháin na dtíortha is tairbhíthe thar liosta na gcoinbhinsiún agus na gcomhaontuithe ábhartha atá bunaithe go foirmiúil agus atá liostaithe i Rialachán GSP. Mar shampla, dhaingnigh gach ceann de na hocht dtairbhí GSP+ an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus is páirithe iad i gComhaontú Pháras, nach bhfuil liostaithe i Rialachán GSP atá ann faoi láthair ach a bheidh mar chuid den scéim ó 2027 ar aghaidh.

Tá dul chun cinn déanta ag líon mór tairbhíthe GSP freisin ó thaobh coinbhinsiúin bhunúsacha nua-bhunaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte ceirde a dhaingniú, chomh maith le coinbhinsiúin EIS eile, mar shampla maidir le cigireachtaí saothair agus comhairliúcháin thrípháirteacha, nach bhfuil liostaithe i Rialachán GSP atá ann faoi láthair ach an oiread.


Mar a leagtar amach a thuilleadh i roinn 4b) thíos agus sna Doiciméid Inmheánacha Oibre a eisíodh in éineacht leis an Tuarascáil seo, leanann GSP+ go háirithe de bheith ina chreat láidir agus struchtúrtha lena nasctar an trádáil leis an bhforbairt inbhuanaithe, ar ardán é le haghaidh idirphlé beartais agus athchóiriú. Soláthraítear dreasachtaí agus cumasóirí láidre do thairbhíthe freisin le GSP+ chun caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta a chomhlíonadh, caighdeáin ar chinn siad féin gealltanais a thabhairt ina leith.

4. NA TRÍ SHOCRÚ

a) GSP Caighdeánach

Le linn na tréimhse thuairisciúcháin, lean tairbhíthe GSP Caighdeánach de bheith ina sciar nach beag d'allmhairí iomlána GSP ag 29,3 % in 2024. Ba iad éadach (S-11b), coisbheart (S-12a), agus táirgí ceimiceacha (S06b) na príomhtháirgí a thairbhígh de GSP Caighdeánach in 2024. As an aon tairbhí déag GSP Caighdeánach atá ann faoi láthair (agus Vanuatú curtha leis in 2025), ba iad an India agus an Indinéis na príomhthairbhíthe, le EUR 11,7 billiún de na hallmhairí uile isteach san Aontas faoi fhabhair GSP in 2024 ag India, agus an Indinéis ag teacht ina dhiaidh sin le EUR 5,56 billiún. Tiocfaidh athrú air sin, áfach, toisc, i dteannta na hIndinése agus na Céinia (féach roinn 2), go meastar go n-imeoidh an India ar aghaidh ó GSP Caighdeánach agus, dá bhrí sin, go n-imeoidh sí ón scéim a luaith a thiocfaidh an comhaontú trádála déthaobhach leis an Aontas (ar tugadh caibidlíocht ina leith i gcrích i mí Feabhra 2026) i bhfeidhm agus nuair a rachaidh an idirthréimhse 2 bhliain ina dhiaidh sin in éag.

Fíor 6. Treochtaí maidir le hallmhairí incháilithe GSP Caighdeánach, allmhairí úsáidte, agus úsáid




Cé go n-athraíonn an ráta úsáide faoi GSP Caighdeánach ar ardleibhéal, tá laghdú tagtha ar allmhairí incháilithe agus orthu siúd a éilíonn fabhair GSP go hiarbhrí ó na leibhéil a bhí ann roimh COVID, ó EUR 37 mbilliún incháilithe agus 29 mbilliún a úsáideadh in 2019 go EUR 21 mbilliún incháilithe agus 17 mbilliún a úsáideadh in 2024. Is mar gheall go príomha ar thíortha a d'fhág GSP Caighdeánach a tharla sé sin, go háirithe Vítneam amhail mí Eanáir 2023, i ndiaidh na hidirthréimhse tar éis don tír sin a bhí ina príomhthairbhí roimhe sin comhaontú saorthrádála a dhéanamh leis an Aontas in 2020. Ina theannta sin, uasghrádaíodh an Úisbéiceastáin go GSP+ i mí Aibreáin 2021.

b) GSP+

Tá an treocht maidir le hallmhairí GSP+ sách dearfach, gan aird a thabhairt ar théarnamh COVID-19 in 2022 agus ar éifeachtaí praghsanna fuinnimh. Tháinig méadú ar allmhairí incháilithe GSP+ ó EUR 10 mbilliún, an leibhéal a bhí ann in 2019 roimh COVID-19, go EUR 13 mbilliún in 2024; dá bhrí sin, suas le EUR 11 mbilliún atá allmhairí ar éilíodh fabhair ina leith go hiarbhrí in 2024.

Fíor 7. An treocht maidir le hallmhairí agus úsáid GSP+



Tháinig méadú ar an ráta úsáide tosaíochta d'allmhairí an Aontais faoi shocrú GSP+ ó 86,9 % in 2022 go 87,3 % in 2024. Tháinig laghdú ar an bhfeabhas measartha sin in 2023, nuair a thit an ráta go 79,3 %. ²⁷

Ba í an Phacastáin príomhthairbhí GSP+, agus fabhair á n-úsáid aici le haghaidh EUR 7,1 billiún in allmhairí an Aontais. Tháinig na hOileáin Philipíneacha ina dhiaidh sin le thart ar EUR 2,3 billiún d'allmhairí isteach san Aontas, agus ba é Srí Lanca an tríú tairbhí GSP+ is mó ó thaobh luacha de ag EUR 1,5 billiún.

Maidir le comhlíonadh na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta atá liostaithe i Rialachán GSP le linn na tréimhse thuairisciúcháin, choinnigh tairbhíthe uile GSP+ daingniú iomlán na 27 gcoinbhinsiún agus gcomhaontú idirnáisiúnta atá ábhartha do GSP ar bun agus níor eisigh siad aon fhorchoimeádas nua.

Tá ocht nDoiciméad Inmheánacha Oibre thírshonracha ag gabháil leis an tuarascáil seo ina soláthraítear mionsonraí iomlána faoi ghealltanais tairbhíthe GSP+ maidir le cearta an duine, cearta oibrithe bunúsacha, an comhshaol agus an aeráid, agus dea-rialachas – mar aon le rannpháirtíocht an Aontais leis na tíortha comhpháirtíochta sin sna réimsí sin. Mar a shonraítear a thuilleadh sna Doiciméid Inmheánacha Oibre sin, tugadh go leor forbairtí dearfacha faoi deara le linn na tréimhse thuairisciúcháin, ach tá dúshlán fós ann.

Neartaigh go leor tairbhíthe GSP+ atá ann faoi láthair reachtaíocht maidir le **cearta an duine** agus socruithe institiúideacha le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo. Mar shampla, rinne an Chirgeastáin, an Úisbéiceastáin, Srí Lanca agus an Phacastáin an reachtaíocht uile in aghaidh foréigean teaghlaigh a threisiú, agus ghlac an Bholaiv, an Mhongóil, an Úisbéiceastáin agus na hOileáin Philipíneacha athchóirithe cosanta leanaí. Laghdaigh an Phacastáin raon feidhme phionós an bháis agus ghlac sí rialacha cur chun feidhme an Achta Frithchéastóireachta, chomh maith le Gníomhartha nua um Shrianadh Pósta Leanaí sa Bhalúcastáin agus in Islamabad. Neartaigh Srí Lanca institiúidí náisiúnta intíre um chearta an duine, agus bhunaigh na hOileáin Philipíneacha sásraí nua formhaoirseachta agus comhlachtaí comhordúcháin idir-aireachta um chearta an duine.

Léirigh formhór thairbhíthe GSP+ dul chun cinn maidir le cearta oibrithe bunúsacha freisin. Mar shampla, bhí an Mhongóil ina ceannródaí ar mhodúl maidir le saothar éigeantais sa

gheilleagar príobháideach i suirbhé náisiúnta ar an bhfórsa saothair agus áiríodh ann roinn maidir le saothar coinscríofach. Rinneadh iarrachtaí leanúnacha deireadh a chur le saothar éigeantais san Úisbéiceastáin, agus chuir na hOileáin Philipíneacha treochlár i dtoll a chéile chun Saoirse Comhlachais a chur chun cinn mar aon le straitéis chun saothar leanaí a laghdú. Dhaingnigh an Phacastáin Prótacal EIS a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais agus chuir sí tús le tionscnamh maidir le haistriú oibrithe ón ngeilleagar neamhfhoirmiúil go dtí an geilleagar foirmiúil chun obair chuibhiúil a chur chun cinn tuilleadh. Thug roinnt tíortha is tairbhíthe bearta isteach chun saothar leanaí a laghdú agus chun creataí frithgháinneála a neartú.

Bhí go leor tairbhíthe GSP+ fós tiomanta do **chosaint an chomhshaoil**, agus chuir siad tuarascálacha trédhearcachta aeráide isteach faoi na Comhaontuithe Comhshaoil Iltaobhacha ábhartha; reachtaíocht agus pleananna gníomhaíochta maidir leis an mbithéagsúlacht agus le limistéir faoi chosaint a neartú i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht; cur chun feidhme Phrótacal Montréal a chur chun cinn²⁸; agus tabhairt faoi phleanáil maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide atá nasctha le Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta (RCNanna) i gcomhthéacs cur chun feidhme Chomhaontú Pháras a áirithiú.

Cuireadh feabhas ar **rialachas** maidir le rialú drugaí agus frithéilliú i roinnt tíortha. Áiríodh leis sin beartais nuashonraithe a bhí beartaithe chun an t-éilliú a chomhrac sa Bholaiv, sa Chirgeastáin, sa Phacastáin agus i Srí Lanca.

Mar sin féin, tá dúshlán fós ann maidir le cur chun feidhme ghealltanais GSP+.

I measc na n-ábhar inní trasearnálach maidir le **cearta an duine** is coiteann do go leor tairbhíthe GSP+ tá neamhspleáchas breithiúnach neamhleor agus rochtain teoranta ar leigheas agus ar chuntasacht as sáruithe agus mí-úsáidí, srianta ar an spás sibhialta, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán; tuarascálacha ar chéasadh, ar easpa cuntasachta, agus ar ailíniú neamhiomlán creataí intíre leis an gCoinbhinsiún Frithchéastóireachta²⁹; foréigean leanúnach inscnebhunaithe, ag leanúint ar aghaidh le saoirse ó phionós; agus idirdhealú struchtúrach in aghaidh mionlach agus daoine LADTIA+. I roinnt tíortha is tairbhíthe GSP+, bhí cosaint na gceart socheacnamaíoch i gcodarsnacht le straitéisí laga i gcoinne na bochtaineachta, deiseanna oideachais teoranta, bearnaí móra i gcórais cosanta sóisialta, nó easpa tacaíochta do chumhachtú eacnamaíoch na mban. Tá bearnaí móra sonraí fós ann freisin, go háirithe maidir le foréigean inscnebhunaithe, imscrúduithe céastóireachta, saothar leanaí, agus ionchúisimh i leith gáinneáil ar dhaoine.

Ar an gcaoi chéanna, maidir le **cearta oibrithe bunúsacha**, cé go bhfuil feabhas tagtha ar chreataí reachtacha, tá an cur chun feidhme agus an forfheidhmiú míchothrom fós, agus is minic a bhíonn srianta acmhainneachta ar chigireachtaí saothair. Ar an iomlán, tá idirdhealú fós á dhéanamh in aghaidh gach grúpa leochailigh. Tá srian fós ar shaoirse comhlachais i roinnt dlínsí agus tá cumhdach cómhargála teoranta in go leor comhthéacsanna. Tá saothar leanaí agus saothar éigeantais fós ann, go háirithe sa talmhaíocht agus san earnáil neamhfhoirmiúil. Ba cheart cearta oibrithe bunúsacha oibrithe mná a fheabhsú fós. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sonraí i gcoinbhinsiúin uile EIS atá ábhartha do GSP+ gan mhoill.

Bhí srianta **cosanta comhshaoil** ar go leor tairbhíthe GSP+ freisin, agus bhí moilleanna ar thuairisciú comhshaoil (mar shampla faoi chreataí Choinbhinsiún Stócólm³⁰, CITES³¹, agus Phrótacal Cartagena³²); teorainneacha acmhainneachta agus acmhainní a dhéanann difear d'fhorfheidhmiú, agus leochaileacht aeráide nach beag a chuireann brú ar chórais

institiúideacha. Cé go bhfuil na gealltanais uaillmhianach, is minic a thiteann an cur chun feidhme ar gcúl.

D'fhéadfaí **rialachas** a fheabhsú trí iarrachtaí níos láidre chun gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac, trí bheart feabhsaithe a dhírítear ar an éileamh i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus trí iarrachtaí méadaithe frithéillithe.

Ina theannta sin, mar gheall ar ghéarchéimeanna eacnamaíocha (an Bholáiv, Srí Lanca) agus ar thubaistí nádúrtha (an Phacastáin, na hOileáin Philipíneacha, Srí Lanca) géaraíodh dúshláin struchtúracha agus cuireadh bac breise ar an acmhainneacht cur chun feidhme le linn na tréimhse tuairisciúcháin.


Is féidir le tionscadail chomhpháirtíochta an Aontais cuidiú le haghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin sin trí chomhar agus tá bearta tírshonracha leagtha amach sna Doiciméid Inmheánacha Oibre maidir le GSP+ a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

c) Socrú Gach Ní Seachas Airm (GNA)

i. Sonraí eacnamaíocha

Is iad tairbhí GSP an Aontais na tairbhí is substaintiúla do thairbhíthe GNA. B'ionann allmhairí fabhracha ó thairbhíthe GNA agus EUR 30,6 billiún in 2024, méadú ó EUR 25,2 billiún in 2019.

Fíor 8. An treocht maidir le hallmhairí agus úsáid GNA



Níor luainigh rátaí úsáide faoi shocrú GNA ach de bheagán idir 2022 agus 2024. Ba é 94,6 % an ráta in 2022, agus tháinig laghdú air ansin go 88,4 % in 2023 agus tháinig téarnamh air ina dhiaidh sin go 94,5 % in 2024. In 2022, baineadh buaicleibhéal amach ó thaobh allmhairí faoi shocrú GNA mar gheall ar théarnamh COVID-19 agus na praghsanna fuinnimh a luaitear thuas. Ag féachaint ar an treocht le himeacht ama, tá méadú i gceist ó na hallmhairí a bhí ann in 2019 roimh COVID-19 (EUR 27 mbilliún d'allmhairí incháilithe, ar baineadh úsáid as fabhair GNA i gcás EUR 25 bhilliún díobh) go 2024 (EUR 32 bhilliún d'allmhairí incháilithe, ar baineadh úsáid as fabhair GNA i gcás EUR 31 bhilliún díobh).

Fíor 9. Allmhairí an Aontais de réir shocrú GSP agus ó thíortha rannpháirtíochta feabhsaithe GNA

	Allmhairí an Aontais ó GSP (milliún EUR), gan an sciar neamhfhabhrach allmhairí				ó thíortha GNA 2022-2024 a áireamh
	2019 ³³	2022	2023	2024	
GSP (iad uile)	62 326	77 393	52 419	59 450	
GSP Caighdeánach	28 665	27 489	15 331	17 402	
GSP+	8 496	13 662	9 896	11 476	
EBA (iad uile)	25 164	36 243	27 192	30 573	
GNA (an Afraic amháin)	2 782	4 141	3 151	3 888	11,9 %
Rannpháirtíocht Fheabhsaithe faoi GNA					
An Bhanglaidéis	15 366	23 134	17 064	19 019	63,0 %
An Chambóid³⁴	4 174	4 324	3 534	4 207	12,8 %
Maenmar	2 471	4 112	2 993	2 962	10,7 %

Le linn na tréimhse tuairisciúcháin agus i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann roimh COVID, lean tábhacht choibhneasta GNA ar an iomlán, ach go háirithe tábhacht thairbhíthe GNA ar mhór-roinn na hAfraice, de bheith ag méadú. An tráth céanna, lean trí cinn de na tairbhíthe is mó a thairbhíonn de GNA de bheith faoi rannpháirtíocht fheabhsaithe. Déantar tuilleadh machnaimh ar na treocheaí sin thíos.

ii. Tairbhíthe ag bogadh suas

Is é is aidhm do GSP forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn. Is dea-scéala é, dá bhrí sin, nuair a bhogann tairbhíthe suas ó stádas na dtíortha is Lú Forbairt, i.e. nuair a théann siad ar aghaidh agus nuair a imíonn siad ó shocrú GNA ina dhiaidh sin tar éis idirthréimhse. Bíonn an deis acu fós iarratas a dhéanamh ar GSP+ chun formhór a dtairbhí a choinneáil.

Táthar ag súil le roinnt gluaiseachtaí aníos go luath amach anseo. Tá sé beartaithe go n-imeoidh **an Bhanglaidéis, Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laoch** agus **Neipeal** ar aghaidh ó na tíortha is lú forbairt in 2026³⁵; Tá sé beartaithe go n-imeoidh **Oileáin Sholaimh** ar aghaidh in 2027; agus tá sé beartaithe go n-imeoidh **an Chambóid** agus **an tSeineagáil** ar aghaidh in 2029.

Ag athbhreithniú tríbhliantúil 2024 ó CDP na Náisiún Aontaithe (an Coiste um Beartas Forbartha), fuarthas gur chomhlíon **Poblacht Ruanda, Uganda** agus **an Tansáin** na tairseacha grádúcháin den chéad uair. Chomhlíon gach ceann na trí thír dhá cheann de na trí chritéir. Tá sé beartaithe na tíortha sin a mheas arís in 2027 agus, má chomhlíonann siad na critéir den dara huair, d'fhéadfaí iad a mholadh lena n-imeacht ar aghaidh ón gcatagóir.


Moladh **Cireabas** agus **Túvalú** d'imeacht ar aghaidh ó na tíortha is lú forbairt in 2018 agus 2012 faoi seach, ach chuir ECOSOC³⁶ cinneadh maidir lena ngrádúchán siar. In 2024, ag meabhrú di an cinneadh a rinne sí in 2021 an breithniú ar a ngrádúchán a chur siar go 2024, chinn ECOSOC arís breithniú a dhéanamh ar a ngrádúchán ag tráth níos déanaí.

Ag athbhreithniú tríbhliantúil 2024, chinn CDP na Náisiún Aontaithe a chinneadh maidir le grádúchán **Mhaenmar** agus **Thíomór Thoir** a chur siar go dtí 2027.

I gcás thairbhithe GNA atá ann faoi láthair, dá n-aistreofaidís chuig GSP+ tar éis a ngrádúcháin, chaomhnófaí leibhéal coigiltis atá coibhéiseach a bheag nó a mhór, ag thart ar EUR 3,3 billiún freisin le haghaidh 2024, ach laghdódh an t-aistriú simplí chuig GSP Caighdeánach é sin go dtí thart ar EUR 0,75 billiún, ar laghdú thart ar 80 % é sin (féach Fíor 10). Ní féidir le ballraíocht in GSP+ cúiteamh iomlán a dhéanamh riamh as stádas GNA toisc go mbaineann sé *inter alia* le bheith faoi réir coimircí speisialta áirithe agus rialacha tionscnaimh níos déine lena laghdaítear na fabhair is féidir a éileamh go héifeachtach de ghnáth. Is léir sin go háirithe i gcás tíortha a onnmhairíonn baill éadaigh.

Sa bhreis ar na hidirthréimhsí flaithiúla, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do thíortha atá ag imeacht ar aghaidh ó shocrú GNA, go háirithe tíortha is tairbhithe a fhéachann le bheith páirteach i socrú GSP+ ina dhiaidh sin; d'fhonn aon tionchar diúltach ar onnmhaiseoirí ó na tíortha sin agus ar chuideachtaí an Aontais a bhíonn ag trádáil leo a sheachaint.

Fíor 10: Coigilteas taraife/gnóthachain ioncaim mheasta faoi GNA i gcomparáid le GSP+ nó GSP Caighdeánach le haghaidh na dtairbhíthe céanna in 2024 (billiún EUR)




iii. Iomaíochas na hAfraice a chur chun cinn

Tá trí cheathrú de na tíortha is tairbhíthe GNA ar mhór-roinn na hAfraice (33 tír de na 46 tír³⁷). Go luath amach anseo, is iad tíortha na hAfraice a bheidh ar an ngrúpa is ceannasaí in GNA, i bhfianaise líon agus mhéid mór thairbhíthe na hÁise atá le himeacht ar aghaidh ón scéim. Tá gach ceann de na trí shocrú faoi GSP an Aontais ina gcolún tábhachtach de thacaíocht an Aontais d'éagsúlú eacnamaíoch agus comhtháthú na hAfraice sna slabhraí luacha domhanda ach tá tábhacht ar leith ag baint le GNA.

B'ionann allmhairí fabhracha an Aontais ó thairbhíthe GNA san Afraic agus EUR 3,9 billiún in 2024, méadú ó EUR 2,8 billiún in 2019 (féach freisin Tábla/Fíor 9 thuas). Ba é 88,9 % ráta úsaide fhabhair GNA in 2024, rud a léiríonn úsáid mhéadaithe na bhfabhar ag tairbhíthe Afracacha le blianta beaga anuas, ach poitéinseal chun níos mó a dhéanamh freisin. A bhuí le rochtain saor ó dhleacht ar shocrú GNA, díolmhaíodh tairbhíthe GNA san Afraic ó thart ar EUR 213 mhilliún i ndleachtanna allmhairiúcháin an Aontais in 2024. Le linn na tréimhse 2022–2024, ba iad Mósaimbíc (EUR 4,2 billiún), an Mháratáin (EUR 1,2 billiún), an Aetóip (EUR 975,5 milliún), an Tansáin (EUR 934,7 milliún), agus Madagascár (EUR 848,1 milliún) na honnmhaireoirí GNA is mhó san Afraic.

Fíor 11: Na 5 thairbhí GNA is mó san Afraic (allmhairí iomlána GNA a úsáideadh; milliún EUR)



Mar a léirítear thuas, lasmuigh de GNA, tairbhíonn roinnt tíortha san Afraic de shocruithe GSP eile. Tagann an Nigéir, Poblacht an Chongó, agus an Chéinia faoi GSP Caighdeánach (agus beidh an Chéinia ag imeacht ar aghaidh in 2027 mar gheall ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an Chéinia an 1 Iúil 2024), agus tairbhíonn Cabo Verde de GSP+. Don tréimhse 2022–2024, b’ionann allmhairí comhiomlána an Aontais a d’úsáid fabhair GSP ó na ceithre thír sin san Afraic agus EUR 579,4 milliún, agus ba ag an Nigéir a bhí an sciar is mó (EUR 372,4 milliún le ráta úsáide 70 %), agus ina dhiaidh sin bhí Cabo Verde (EUR 172,5 milliún; ráta úsáide 85 %), an Chéinia (EUR 15,7 milliún; ráta úsáide 1 %³⁸), agus Poblacht an Chongó (EUR 18,7 milliún; ráta úsáide 58 %). Go suntasach, soláthraíonn stádas GSP+ Cabo Verde tarscaoiltí dleachta i bhfad níos mó ná mar a bheadh soláthartha le GSP Caighdeánach (EUR 12,0 milliún i gcomparáid le EUR 3,9 milliún), arb ionann é agus EUR 8,1 milliún breise i bhfabhair.³⁹

I gcomparáid le scéimeanna comhchosúla trína ndeonaíonn tíortha forbartha eile fabhair aontaobhacha, tá an líon is airde táirgí éagsúla a onnmhairítear (53 % de na línte taraife iomlána)⁴⁰ ag ÚBE an Aontais, rud a léiríonn go bhfuil allmhairí an Aontais ó na tíortha is lú forbairt an-éagsúlaithe. De réir UNCTAD⁴¹, is é GNA an Aontais a thairgeann an coigilteas taraife is mó i ndearbhthearmaí, i gcomparáid le scéimeanna na Stát Aontaithe, na Seapáine agus Cheanada⁴². Murab ionann agus córais speisialta a chuireann an tSín nó na Stáit Aontaithe ar fáil don Afraic, seasann socrú GNA amach, ní hamháin mar gheall ar a incháilitheacht uathoibríoch do gach tír is lú forbairt, ach mar gheall nach bhfuil aon dáta éaga aige chomh maith. Leis an ngné uathúil sin soláthraítear cinnteacht fhadtéarmach do ghnólachtaí agus cuirtear tairbhí nach beag ar fáil do thíortha is tairbhíthe san Afraic: trí dheireadh a chur leis an ngá atá le hathnuachaintí tréimhsiúla is gnách do shocruithe GSP tíortha eile, le GNA cothaítear

muinín infheisteoirí, éascaítear cinntí infheistíochta straitéiseacha agus spreagtar éagsúlú struchtúr onnmhairiúcháin. Tá sé sin ábhartha go háirithe in amanna dúshlán breise do thíortha i mbéal forbartha a bhfuil níos lú tacaíochta acu agus a bhfuil deacrachtaí méadaithe acu ó thaobh rochtain a fháil ar mhargaí áirithe eile.

Dá bhrí sin, tá GNA agus an rochtain fhlaithiúil ar an margadh a sholáthraítear tríd do na tíortha is lú forbairt san Afraic agus níos faide i gcéin ina gcruthúnas ar thiomantas láidir an Aontais leanúint de thacaíocht a thabhairt don fhás agus don fhorbairt inbhuanaithe sna TLFanna agus dá gcomhtháthú breise sa gheilleagar domhanda trí théarmaí trádála oscailte, cobhsaí agus intuartha.

iv. Rannpháirtíocht Fheabhsaithe

I gcomhthráth leis an bhfaireachán leanúnach le tairbhíthe GSP+, déanann an Coimisiún agus SEGS próisis rannpháirtíochta feabhsaithe freisin chun tacú le tíortha aonair is tairbhíthe GNA agus chun iad a dhreasú chun feabhas a chur ar a dtaifead i réimsí criticiúla a bhaineann le GSP, go háirithe croíchoinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha maidir le cearta an duine agus cearta oibrithe bunúsacha. Tá an rannpháirtíocht fheabhsaithe sin leis **an mBanglaidéis**, leis **an gCambóid**⁴³, agus le **Maenmar** ábhartha go háirithe freisin i bhfianaise a sciar an-tábhachtach d'allmhairí iomlána an Aontais faoi shocrú GNA, mar a léirítear i dTábla/Fíor 9 thuas. An tráth céanna, tá cásanna polaitiúla, eacnamaíocha agus forbartha an-difriúil ag baint leo, as ar eascair próiseas rannpháirtíochta feabhsaithe tiomnaithe lena leantar cúrsa agus fócas éagsúil le gach tír díobh. Cuirtear san áireamh sna rannpháirtíochtaí faoi seach freisin ionstraimí uile an Aontais atá ar fáil – lasmuigh de GNA – chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a saináithníodh. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na trí thír is tairbhíthe GNA faoi rannpháirtíocht fheabhsaithe ar fáil sna Doiciméid Inmheánacha Oibre tiomnaithe a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

5. COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AGUS COMHAR/TACAÍOCHT DO THAIRBHITHE GSP


Cé gur uirlis chuimsitheach é GSP chun tacú le forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach i dtíortha is tairbhíthe, ní mór beartas trádála a cheangal le beartas forbartha agus comhar chun an éifeachtacht inmheánaithe a bhaint amach⁴⁴. Áirítear i bhformhór Chláir Ilbhliantúla Tháscacha (MIPanna) an Aontais do 2021–2027 ina sainítear réimsí tosaíochta agus cuspóirí sonracha an Aontais maidir le comhar um fhorbairt tacaíocht d'fhás inbhuanaithe agus do phoist chuibhiúla, le dálaí oibre cothroma agus córa. Maidir leis an obair chun coinbhinsiúin agus gealltanais a bhaineann leis an dea-rialachas, le cearta an duine, le cearta oibrithe, agus le caighdeáin chomhshaoil a dhaingniú agus a chur chun feidhme go héifeachtach, tá neart tacaíochta ann freisin ó na MIPanna. I gcás na n-ocht dtír is tairbhíthe GSP+, tugtar aird ar leith sna MIPanna uile ar chomhlíonadh GSP+ agus ar thacaíocht do réimsí ábhartha na forbartha inbhuanaithe.

Díríodh go háirithe ar chearta oibrithe bunúsacha sa tionscadal ‘Trádáil le haghaidh Obair Chuibhiúil’ (2019–2021 agus 2022–2024, EUR 6 mhilliún), a chómhaoinigh an tAontas agus an Fhionlainn agus a chuir EIS chun feidhme. Cuireadh chun cinn leis cur chun feidhme choinbhinsiúin bhunúsacha EIS i seacht dtír faoi shocrúithe GSP+ agus GNA an Aontais (an Bhanglaidéis, Cabo Verde, an Mhongóil, Madagascar, Mósaimbíc, an Phacastáin agus na hOileáin Philipíneacha).

Snáithe eile de thacaíocht an Aontais do thíortha is tairbhíthe GSP, atá dírithe ar bhealach níos sainráite ar a áirithiú gur féidir trádáil a úsáid mar ionstraim le haghaidh forbairt inbhuanaithe, is ea an tionscnamh Cabhair don Trádáil (CdonT)⁴⁵. Trí CdonT, tacaíonn an tAontas le tíortha comhpháirtíochta chun an timpeallacht cheart trádála a chruthú chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin gcomhtháthú inbhuanaithe sa gheilleagar domhanda.

Tá an tAontas, in éineacht lena Bhallstáit, ar an soláthraí CdonT is mó ó seoladh an tionscnamh. In 2023⁴⁶, gheall an tAontas EUR 16,2 billiún do thíortha comhpháirtíochta faoi CdonT, ar tairbhíthe GSP iad go leor acu. Ag féachaint go sonrach ar thairbhíthe GSP+, mar a luaitear thuas, tacaíonn an tAontas leo ceanglais an tsocraithe seo a chomhlíonadh ach trí CdonT cuidíonn sé leo freisin leas iomlán a bhaint as na fabhair a sholáthraítear faoin scéim seo. Cistiú CdonT ón Aontas le haghaidh 2021–2023 do na hocht dtairbhí GSP+, EUR 1,4 billiún san iomlán dírithe ar réimsí amhail bonneagar a thógáil, feabhas a chur ar an acmhainneacht táirgeachta (lena n-áirítear athchóiriú aeráide infheistíochta agus forbairt an tslabhra luacha), éascú trádála, cur chun feidhme agus comhlíonadh caighdeán, agus go leor eile.

Fíor 12. Cistiú an Aontais trí Chabhair don Trádáil do thairbhíthe GSP+, EUR 1,4 billiún san iomlán, 2021–2023



Ar deireadh, tacaíonn CdonT le timpeallacht chumasúcháin trádála agus infheistíochta Global Gateway⁴⁷, straitéis shuaitheanta a seoladh in 2021 chun infheistíochtaí a shlógadh in earnálacha tosaíochta. I gcomhréir le huaimhianta geopholaitiúla an Aontais agus lena thiomantas do Chlár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030, tá sé d’aidhm ag an straitéis Global Gateway borradh a chur faoi infheistíochtaí cliste, glana agus slána i gcúrsaí digiteacha, fuinnimh agus iompair, agus córais sláinte, oideachais agus taighde a neartú ar fud an domhain agus luachanna uilíocha, ardchaighdeán, dea-rialachas agus trédhearcacht á gcur chun cinn.

Thacaigh an tAontas freisin le faisnéis chuimsitheach, thrédhearcach, láraithe a chur ar fáil maidir le GSP do thairbhíthe, do ghnólaicthe, don tsochaí shibhialta, agus do lucht déanta beartas araon trí thionscadal Mhol GSP. Thosaigh Mol GSP in 2019 agus bhí sé d’aidhm aige feabhas a chur ar fheasacht agus ar thrédhearcacht GSP, ar na tairbhí eacnamaíocha a ghabhann leis agus ar an bhfaireachán a dhéantar air, trí shuíomh gréasáin tiomnaithe⁴⁸, trí fhoilseacháin scríofa, agus trí shraith imeachtaí feasachta san Eoraip agus i dtíortha is tairbhíthe de chuid GSP. Leanfar leis an suíomh gréasáin a chothabháil agus a nuashonrú faoi Rialachán nua GSP.

6. CONCLUÍDÍ

Le linn an timthrialla faireacháin GSP deiridh faoi Rialachán GSP 2012 (2023–2025), lean an scéim dá príomhchuspóirí a bhaint amach, is iad sin rannchuidiú a dhéanamh le dul chun cinn eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe i dtíortha is tairbhithe.

Le GSP an Aontais soláthraíodh tairbhí eacnamaíocha flaithiúla do thíortha comhpháirtíochta agus d'allmhaireoirí agus do thomhaltóirí an Aontais freisin, agus d'fhan sé ina fhoinsé chobhsaíochta agus intuarthachta le linn tréimhsí luaineachta trádála, eacnamaíche agus geopholaitiúla.

D'allmhairigh an tAontas beagnach EUR 60 billiún d'earraí in 2024 trí úsáid a bhaint as fabhair GSP, rud a chuaigh chun tairbhe d'allmhaireoirí an Aontais agus do thíortha is tairbhithe araon. Luainigh iomlán na n-allmhairí ar úsáideadh fabhair GSP ina leith in 2022–2024 i gcomhréir le treohtá níos leithne, agus d'fhan siad beagán os cionn na leibhéal a bhí ann roimh COVID-19 agus tairbhithe móra a d'fhág scéim GSP á gcur san áireamh.

Bhí na tíortha is lú forbairt fós ar an gcatagóir tairbhithe is mó faoi shocrú GNA de réir líon na dtairbhithe agus luach na n-allmhairí araon, agus tá na rátaí úsáide is airde acu freisin ag beagnach 95 %. Leanfaidh tábhacht choibhneasta GNA de bheith ag méadú de réir mar a dhéanfaidh tairbhithe móra GSP Caighdeánach (an India, agus an Indinéis) agus tairbhithe GSP+ (na hOileáin Philipíneacha) a gcaidrimh trádála leis an Aontas a uasghrádú trí Chomhaontuithe Saorthrádála agus de réir mar a imeoidh siad ar aghaidh ó GSP. Ag féachaint chun cinn, tá feabhas ag teacht i gcónaí ar imthosca eacnamaíocha fhormhór na dtíortha is tairbhithe GSP, agus tá roinnt acu ar an mbóthar ceart chun imeacht ar aghaidh ó stádas TLF na Náisiún Aontaithe. Léirítear leis sin rath na n-iarrachtaí forbartha agus rannchuidiú dearfach GSP an Aontais sna tíortha sin.

Mar thoradh air sin, leanfaidh líon na dtíortha a bhaineann tairbhe as scéim um fhabhair aontaobhacha an Aontais de bheith ag laghdú. Leanfaidh GSP de bheith tábhachtach toisc go mbeidh sé fós ar fáil do thairbhithe le linn idirthréimhsí; agus toisc go leanfaidh sé de roghanna GNA a sholáthar do na tíortha is lú forbairt atá fágtha, go háirithe ar mhór-roinn na hAfraice. I bhfianaise thairiscint uathúil GNA an Aontais do thíortha na hAfraice, déanfaidh an Coimisiún agus SEGS – sa cheanncheathrú agus trí Thoscaireachtaí an Aontais freisin – iarrachtaí breise chun cumarsáid agus idirphlé maidir le GSP a neartú, chun infheictheacht, feasacht agus glacadh GNA ar mhór-roinn na hAfraice a mhéadú.

Taobh amuigh de GNA, leanann GSP+ de thairbhí nach beag a thabhairt freisin: is tairbhithe GSP+ iad ceithre thír as na deich dtairbhí is mó de scéim GSP ina hiomláine, agus is de thionscnamh tíortha is tairbhithe GSP+ nach mór 20 % d'allmhairí uile an Aontais faoi GSP. An tráth céanna, leanann GSP+ dá sprioc a bhaint amach chun forbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a dhreasú bunaithe ar chaighdeán a chomhaontaítear agus a aithnítear go hidirnáisiúnta. Cé go bhfuil an staid fós dúshlánach i roinnt mhaith tíortha is tairbhithe GSP+, tá faireachán agus idirphlé mionsonraithe GSP+ fós ina n-ardán uathúil le haghaidh plé agus ina spreagadh le haghaidh feabhais le himeacht ama.

Tá síneadh 10 mbliana eile curtha ag an Aontas le GSP, agus meastar go dtiocfaidh Rialachán nua GSP i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027. Trí rialacha nua GSP, cinntíonn an tAontas go leanfar dá thairiscint fhabhrach trádála aontaobhach tharraingteach trí na trí shocrú thiomnaithe. Deimhnítear leis tiomantas seanbhunaithe an Aontais tacú leis an bhfás agus leis an bhforbairt inbhuanaithe inár dtíortha comhpháirtíochta ar fud an domhain; trí théarmaí trádála flaithiúla, cobhsaí agus intuatha.

Sula gcuirfear forálacha nua GSP i bhfeidhm, beidh an tuarascáil seo agus na Doiciméid Inmheánacha Oibre a ghabhann léi ina mbonnlíne láidir. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás tairbhithe GSP+ atá ann faoi láthair a mbeidh orthu iarratas a dhéanamh arís más mian leo leanúint de thairbhiú de GSP+ amach anseo. Tá feidhm aige freisin maidir le tairbhithe GNA atá ann faoi láthair ar mhian leo iarratas a dhéanamh ar stádas GSP+ nuair a bheidh siad imithe ar aghaidh ó stádas TLF. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt do thíortha is tairbhithe le linn na n-aistrithe sin.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle.

² 2023 (JOIN(2023) 34 final.

³ Cumhdaíodh roinnt gnéithe a thagann faoin tréimhse thuairisciúcháin atá ann faoi láthair cheana féin i dtuarascáil 2023 (JOIN(2023) 34 final a bhí ann roimhe seo.

⁴ Tíortha is tairbhíthe GSP Caighdeánach: Poblacht an Chongó, Oileáin Cook, an India, an Indinéis, an Chéinia, an Mhicrinéis, an Nigéir, Niue, an tSiria, an Táidsiceastáin agus Vanuatú.

⁵ Tíortha is tairbhíthe GSP+: An Bholaiv, Cabo Verde, an Chirgeastáin, an Mhongóil, an Phacastáin, na hOileáin Philipíneacha, Srí Lanca agus an Úisbéiceastáin.

⁶ Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1951 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Iarscríbhinní II, IV agus VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1951/oj (dá ngairtear anseo feasta: Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1951 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2025). Meastar go ndéanfar an caidreamh trádála a bheidh ann amach anseo idir an tAontas agus an Indinéis a rialú leis an gComhaontú Cuimsitheach Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCCE). Bhí na naisce uile a cuireadh sa tuarascáil seo cothrom le dáta amhail an 28 Aibreán 2026.

⁷ Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/214 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gCéinia. https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_del/2025/214/oj.

⁸ Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1363 ón gCoimisiún an 12 Márta 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbaintear an Bhútáin de liosta na dtíortha is tairbhíthe den socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1363/oj

⁹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1951 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2025.

¹⁰ Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1951 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2025.

¹¹ Áiríthítear le grádúchán táirgí go gcuirtear fabhair ar fáil do na tíortha agus do na táirgí sin is mó a bhfuil siad de dhíth orthu agus go seachnaítear brú iomaíochta i measc thairbhíthe GSP

¹² Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/2780 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1039 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le fionraí fabhar taraife áirithe a dheonaítear do thíortha áirithe is tairbhíthe GSP. http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2780/oj

¹³ Rialachán Cur Chun Feidhme 2025/1909 ón gCoimisiún an 24 Meán Fómhair 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le fabhair tharaife áirithe a dheonaítear do thíortha áirithe is tairbhíthe GSP a chur ar fionraí le haghaidh na mblianta 2026-2028.

http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1909/oj

¹⁴ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/842 ón gCoimisiún an 11 Márta 2024 lena n-athfhorchuirtear bearta coimirce ar allmhairí ríse Indica de thionscnamh na Cambóide agus Mhaenmar/Burma.

http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/842/oj

¹⁵ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1206 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2025 maidir le fabhair tharaife GSP+ a chur ar fionraí a mhéid a bhaineann le hallmhairí eatánóil de thionscnamh na Pacastáine

http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1206/oj

¹⁶ https://policy.trade.ec.europa.eu/news/commission-proposes-new-eu-generalised-scheme-preferences-promote-sustainable-development-low-income-2021-09-22_ga

¹⁷ Rialachán (AE) 2023/2663 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe.

<http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2663/oj>

¹⁸ Rialachán (AE) Uimh. 2026/1395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2026 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012,

ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1395/oj>

¹⁹ Is iad seo a leanas na cúig choinbhinsiún agus chomhaontú idirnáisiúnta nua: An Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh maidir le leanaí a rannpháirtiú i gcoinbhleachtaí armtha (2000); Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (2007); Coinbhinsiún EIS maidir le Cigireacht Saothair Uimh. 81 (1947); Coinbhinsiún EIS maidir le Comhairliúcháin Thrípháirteacha Uimh. 144

(1976); Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide (2015), agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta (2000).

²⁰ Protocal Kyoto a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide (1998).

²¹ An fhoinse le haghaidh na staidreamh uile: Sonraí Eurostat maidir le trádáil ainmniúil bunaithe ar na sonraí bailíochtaí bliana iomláine is déanaí atá ar fáil amhail mí Mheán Fómhair 2025. Ní chumhdaítear le staidreamh GSP ach earraí a allmhairítear isteach i margadh an Aontais, i.e. earraí arna scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas. Ní chumhdaítear le staidreamh GSP allmhairí eile de chuid an Aontais, amhail earraí a allmhairítear le haghaidh an nós imeachta próiseála isteach custam nó ath-allmhairí tar éis an nós imeachta próiseála amach custam. Níl sreafaí trádála atá cláraithe mar ‘faoi rún’ le feiceáil i bhfigiúirí úsáide GSP+ ná i ngnáththrádál chóras 1; ach tá siad le feiceáil sna figiúirí trádála iomlána (córas 4). https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/ga/ext_go_agg_esms.htm#conf1537195068659.

²² An Congó, Oileáin Cook, an India, an Indinéis, an Chéinia, an Mhicrinéis, an Nigéir, Niue, an tSiria, an Táidsíceastáin agus Vanuatú.

²³ An Bholaiv, Cabo Verde, an Chirgeastáin, an Mhongóil, an Phacastáin, na hOileáin Philipíneacha, Srí Lanca agus an Úisbéiceastáin.

²⁴ <https://ec.europa.eu/eurostat/en/web/products-eurostat-news/w/ddn-20240701-1>

²⁵ Déantar táirgí a thairbhíonn de GSP a dheighilt i ranna de réir Rialachán GSP. Is féidir teacht ar fhaisnéis maidir le cóid AC atá san áireamh i ranna GSP in Iarscríbhinn V de Rialachán Uimh. 978/2012. [EUR-Lex - 02012R0978-20250101 - GA - EUR-Lex](#).

²⁶ Ina theannta sin, cuireann an tAontas taraifi 0 % i bhfeidhm in go leor réimsí, gan beann ar fhabhair GSP. Dar ndóigh, tá feidhm aige sin freisin maidir le hallmhairí ó thíortha is tairbhíthe GSP, rud a chuireann ar a gcumas tairbhe a bhaint as cóir an Náisiúin Barrfhabhair faoi rialacha EDT, rud a fhágann go bhfuil a n-allmhairí iomlána saor ó dhleacht isteach san Aontas, agus, dá bhrí sin, a gcoigilteas dleachta, níos airde fós.

²⁷ Ar na hearnálacha a raibh na laghduithe is airde ar an ráta úsáide rompu idir 2022 agus 2023, bhí Seithí & Leather (S-08a) ó 98,8 % go 65,9 %, Corc, Tuí & Trilseánú (S-09b) ó 86,3 % go 62,2 % agus Teicstílí (S-11a) ó 97,1 % go 83,3 %. Ina dhiaidh sin, tháinig méadú ar úsáid sna trí earnáil an bhliain dár gcionn (2024).

²⁸ Protocal Montréal um Shubstaintí a Ídionn an Ciseal Ózón.

²⁹ Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionós eile atá Cruálach, Mídhaoibh nó Táireach.

³⁰ Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailléain Orgánacha Mharthanacha.

³¹ Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol.

³² Protocal Cartagena ar an mBithshábháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch.

³³ Áirítear sonraí 2019 mar bhonnline thagartha réamh-COVID.

³⁴ Deonaíodh carnadh sínte idir an Chambóid agus Vítneam le haghaidh rothar in 2023: Cinneadh (AE) 2023/1810 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2023 maidir le hiarraidh ar charnadh sínte idir an Chambóid agus Vítneam, i gcomhréir le hAirteagal 56(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, a mhéid a bhaineann leis na rialacha tionscnaimh a úsáidtear chun críocha scéim na bhfabhar ginearálaithe taraife de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 le haghaidh ábhair nó páirteanna áirithe a úsáidtear i dtáirgeadh rothar. <http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1810/oj> Aistarraingíodh fabhair GNA go páirteach ón gCambóid trí Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/550 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2020.

³⁵ I mí Feabhra 2026, d'iarr Rialtas na Banglaidéise go foirmiúil ar na Náisiúin Aontaithe imeacht na tíre ar aghaidh ó chatagóir na dtíortha is lú forbairt a chur siar 3 bliana.

³⁶ Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe.

³⁷ Ní tír is lú forbairt é São Tomé agus Príncipe a thuilleadh, ach bainfidh sé tairbhe fós as fabhair GNA go dtí go n-imeoidh sé ar aghaidh ó GNA an 1 Eanáir 2029.

³⁸ Fabhair a dheonaítear don Chéinia faoi Rialachán GSP, ní dhéanann siad difear d'fhabhair maidir le rochtain ar an margadh a sholáthraítear trí ionstraimí eile amhail an Rialachán maidir le Rochtain ar an Margadh, mar a thugtar air, Rialachán (AE) 2016/1076 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 lena gcuirtear i bhfeidhm na socruithe do tháirgí de thionscnamh stát áirithe atá mar chuid de Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC) dá bhforáiltear i gcomhaontuithe lena mbunaítear comhaontuithe um chomhpháirtíocht eacnamaíoch, nó as a dtagann bunú na gcomhaontuithe sin, IO L 185, 8.7.2016, lgh. 1–191. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcás bláthanna gearrtha.

³⁹ EUROSTAT COMEXT.

⁴⁰ <https://docs.wto.org/dol2fe/Pages/SS/directdoc.aspx?filename=q:WT/COMTD/LDCW73.pdf&Open=True>

⁴¹ Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt.

⁴² UNCTAD, *The Generalized System of Preferences: How much does it matter for developing countries?*, UNCTAD/DITC/TSCE/2023/1, 2023, lch.vii.

⁴³ Aistarraingíodh fabhair GNA go páirteach ón gCambóid trí Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/550 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2020.

⁴⁴ Luaitear i mbrollach 4 de Rialachán GSP go mbeidh comhbheartas tráchtála an Aontais comhsheasmhach lena bheartas i réimse an chomhair um fhorbairt agus go gcomhdhlúthóidh sé an beartas sin. RIALACHÁN (AE) Uimh. 978/2012 an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe. <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32012R0978>.

⁴⁵ Is tionscnamh EDT-ECFE ó 2006 é Cabhair don Trádáil, atá mar chuid de Chúnamh Oifigiúil Forbraíochta (COF) ó thaobh staidrimh de lena gcumhdaítear na príomhchatagóirí seo a leanas: cúnamh teicniúil le haghaidh beartas agus rialacháin trádála, bonneagar a bhaineann le trádáil agus fothú acmhainneachta táirgiúla.

⁴⁶ An bhliain is déanaí dá bhfuil sonraí ar fáil.

⁴⁷ https://international-partnerships.ec.europa.eu/policies/global-gateway_ga

⁴⁸ <https://gsphub.eu/>